Fáṫ an Ċumainn Nua.

Le Éamonn Ceannt.

Ó An Bann Buaḋ, 12 Aibreán, 1912.

Na fíor-Ġaeil .i. na Gaeilgeoirí, a ṁúrcailt ar a dtrom-ċodlaḋ agus a meallaḋ irteaċ i bpolaitíoċt na hÉireann.

Cúrsaí polaitíoċa a ġaelú ó bun go barr.

Soircéal Saoirse na hÉireann a ċraoḃrcaoileaḋ le teann gníṁ agus cainte.

A ċur ina luí ar Ġaeil gur leo an ċríoċ so, Éire, agus gur fiú troid ar a son.

A ṫearpáint go bḟuil dream beag Gael fós naċ bḟuil ceannaiṫe ag ór Ġeáin Ḃuí.

An "moḋ díreaċ" a ṁolaḋ do Ġaeil, go mórṁór le urċar a ċaiṫeaṁ.

An t-iontas agus an scéal náireaċ so a ireaċt go forleaṫan ar fad Inis Fóda: naċ bḟuil aon ċine faoi luí na gréine inniu is lú eolas ar conas iad féin a ċosaint ar aon naṁaid dá dtagann ná Gaeil Éireann.

Dá bíṫin sin gur ceart do gaċ Gael atá ina Ġael airm éigin a ġaḃáil ċuige, agus é féin a ullṁú faoi ċoṁair lá an ċaṫa. Ní hé lá na gaoiṫe lá na scolb.

Buíon beag Gael a beiṫ i mbun na hoibre sin go mbeiḋ orṫu gaċ eolas a ġoláṫar i dtaoḃ na niṫe sin ṫuas; agus an t-eolas sin a scaipeaḋ de réir mar a bear sé ag teartáil ó buíonta eile.

An obair sin uile a ḋéanaṁ or coṁair an traoil, agus gan aon ní a ċeilt ar Ġaeil, mar naċ eol dúinn gur náir dúinn an obair sin.

Le scéal gearr a ḋéanaṁ de, is é sún an ċumainn seo 'a ċúnaṁ a ṫaḃairt ċun saoirse Ġael a bainc amaċ ar air nó ar éigin'.

Beannaċt Dé ar an obair, sin í mo ġuí.

Éamonn Ceannt.